C/2025/3474

16.7.2025

Rún ó Choiste Eorpach na Réigiún maidir leis an athbhreithniú meántéarma ar Bheartas Comhtháthaithe 2021-2027

(C/2025/3474)

Ag féachaint don mhéid a leanas:

— an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), go háirithe d'Airteagail 164, 174, 175, 177, 178 agus 307 de;

— an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle — *Beartas Comhtháthaithe nuachóirithe: An t-athbhreithniú meántéarma* — COM(2025) 163 final;

— an Togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1056 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma — COM(2025) 123 final;

— an Togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1057 lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha — COM(2025) 164 final;

— seasamh reatha CnaR mar a cuireadh in iúl go háirithe sa tuairim *Measúnú agus togra le haghaidh athbhreithniú ar CAI 2021-2027*, sa rún *Tacaíocht Éigeandála Réigiúnach don Atógáil (RESTORE) agus bearta faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) chun cúnamh a sholáthar do Bhallstáit a ndéanann tubaistí nádúrtha difear dóibh* agus sa tuairim *Beartas comhtháthaithe athnuaite tar éis 2027 nach bhfágfaidh aon duine ar lár*.

De bharr an mhéid seo a leanas:

— Foráiltear leis an gcreat reachtach don bheartas comhtháthaithe nach mór an t-athbhreithniú meántéarma a dhéanamh bunaithe ar mheasúnuithe agus ar thograí chun an méid solúbthachta atá le tíolacadh faoin 31 Márta 2025 a leithdháileadh, agus tá measúnuithe agus tograí den sórt sin tíolactha cheana féin ag na húdaráis bhainistíochta ar an mbonn sin;

— Príomh-mhisean an bheartais comhtháthaithe is ea comhtháthú críochach, eacnamaíoch agus sóisialta san Aontas a neartú, i gcomhréir le hAirteagal 174 CFAE. Ní mór an sprioc sin a chur san áireamh in aon bhearta chun acmhainní an bheartais comhtháthaithe a ath-leithdháileadh agus níor cheart do na bearta sin laghdú a dhéanamh ar an acmhainneacht atá sa bheartas na cuspóirí fadtéarmacha a bhaineann leis a bhaint amach;

— Is iad prionsabail na bainistíochta comhroinnte, an rialachais il-leibhéil, na comhpháirtíochta agus an chur chuige áitbhunaithe bunchlocha an bheartais comhtháthaithe. Dá bhrí sin, ní mór diúltú go daingean d'aon bhearta láraithe díreacha nó indíreacha laistigh den bheartas comhtháthaithe;

— D'iarr na comhreachtóirí ar CnaR a sheasamh a chur in iúl laistigh de sprioc-am an-ghearr, rud a fhágann nach féidir le CnaR tuairim a tharraingt suas. Ní féidir leis freagra a thabhairt ach amháin sa rún práinneach seo.

SEO SEASAMH CHOISTE EORPACH NA RÉIGIÚN (CnaR)

1. Aontaíonn CnaR leis an gCoimisiún Eorpach gur gá tacú le tosaíochtaí leanúnacha an Aontais agus le tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn, amhail a mhéid a bhaineann leis an iomaíochas agus an dícharbónú, an chosaint, tithíocht inacmhainne, an t-aistriú fuinnimh, an athléimneacht uisce agus na dúshláin shonracha atá os comhair réigiúin ar theorainneacha thoir an Aontais. Cuireann sé in iúl gur geal leis an uaillmhian dlús a chur leis an infheistíocht sna tosaíochtaí práinneacha sin agus gur mór aige cineál deonach an togra.

2. Cuireann CnaR i bhfios gur príomhchuspóir arna bunaíodh leis na Conarthaí é an comhtháthú agus go dtacaíonn cláir an bheartais comhtháthaithe do 2021-2027 cheana féin le hinfheistíochtaí a thagann faoi roinnt mhaith de na réimsí sin chomh maith le tosaíochtaí eile de chuid an Aontais, go bhfuil infheistíochtaí breise faoin mbeartas comhtháthaithe ar na bacáin agus go bhfuil an spriocdháta chun measúnuithe agus tograí a thíolacadh le haghaidh leithdháileadh críochnaitheach mhéid na solúbthachta faoin athbhreithniú meántéarma ar na cláir sin caite cheana féin.

3. Is díol sásaimh do CnaR an fheidearthacht chun ann Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa a úsáid chun tacú le tionscadail chun cuideachtaí móra a dhícharbónú. Is geal leis freisin go ndéanfaí maolú ar na coinníollacha tacaíochta maidir leis an gCiste um Aistriú Cóir (CUAC) do thionscadail arna ndéanamh ag cuideachtaí móra, i bhfianaise na héifeachta iarmhartaí a bhíonn acu ar an nuálaíocht réigiúnach agus ar chruthú post, chomh maith leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na tionscadail sin ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú sna réigiúin. Ar deireadh, is geal le CnaR na féidearthachtaí leathnaithe atá ann maidir le CSE+ a úsáid chun cabhrú le hoibrithe agus le gnólachtaí iad féin a oiriúnú do phróisis thionsclaíocha nua atá nasctha le dícharbónú na n-acmhainneachtaí táirgthe, chomh maith le scileanna slándála agus cosanta a fhorbairt.

4. Dá bhrí sin, iarrann CnaR ar an gCoimisiún Eorpach dul ar aghaidh gan mhoill leis an athbhreithniú meántéarma ar chláir ar tíolacadh measúnuithe agus tograí ina leith cheana féin, d'fhonn aon mhoill ar an gcur chun feidhme a sheachaint. Níor cheart don mhéid sin dochar a dhéanamh don rogha atá ag na húdaráis bhainistíochta leasuithe breise ar chláir a chur isteach ar bhonn aon reachtaíochta leasaithe, má chinneann siad amhlaidh.

5. Tugann CnaR dá aire nach gcuirtear cistiú nua ná cistiú breise ar fáil leis na tograí ón gCoimisiún Eorpach do na tosaíochtaí sainaitheanta. Ina ionad sin, éascaítear leo ath-leithdháileadh na n-acmhainní atá curtha in áirithe cheana féin do na réigiúin faoin gCiste Comhtháthaithe, CFRE, CUAC agus CSE+, laistigh de chláir an bheartais comhtháthaithe ar bhonn sraith éagsúil rialacha/tosaíochta, nó d'ionstraimí a bhainistítear go lárnach.

6. Dá bhrí sin, iarrann sé ar an gCoimisiún Eorpach fíoracmhainní breise a mholadh go práinneach do na tosaíochtaí nua agus leanúnacha sin de chuid an Aontais trí athbhreithniú a dhéanamh ar na Pleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta nó trí chistiú breise a chur ar fáil faoi chláir bainistíochta comhroinnte, mar a tharla faoin gclár Cúnamh Téarnaimh don Chomhtháthú agus do Chríocha na hEorpa (REACT-EU). Ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar na pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear na garspriocanna iontu, go háirithe i dtíortha ina bhfuil siad ró-uaillmhianach. Chuir Cúirt Iniúchóirí na hEorpa in iúl sa tuarascáil uaithi go bhfuil neamhréireacht le feiceáil sna ngarspriocanna i mBallstáit aonair agus an pointe sin tugtha le fios ag grúpaí eile freisin.

7. Athdhearbhaíonn CnaR an seasamh atá aige gur cheart an leagan nua den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil a cheapadh chun solúbthacht faoi scáth na gcolún agus na modhanna bainistíochta uile a áirithiú i gcás tosaíochtaí agus cásanna práinneacha úra a bheidh ann, lena n-áirítear ciste éigeandála níos mó agus cúlchiste géarchéime solúbthachta ginearálta a leabú in CAI ón tús.

8. Maidir leis na hathruithe atá beartaithe ag an gCoimisiún Eorpach, lena n-áirítear ath-leithdháileadh neamhtheoranta cistí agus cóireáil níos fabhraí do thionscadail faoi thosaíochtaí nua i gcomparáid leis na rátaí cómhaoinithe atá ann cheana, tugann CnaR le fios go bhféadfaidís a bheith ina gcúis le hinfhaighteacht neamhchothrom acmhainní idir tosaíochtaí nua agus tosaíochtaí leanúnacha. D'fhéadfadh sé go bhfágfadh sé sin na húdaráis bhainistíochta agus na tairbhithe gan na cistí is gá chun a ngealltanais agus a n-ionchais a chomhlíonadh.

9. Tugann CnaR dá aire go bhféadfadh tionchar a bheith ag an togra ar infheistíocht fhoriomlán san Aontas mar gheall ar an bhféidearthacht ráta cómhaoinithe 100 % AE seachas rátaí idir 40 % agus 85 % a chur i bhfeidhm. Mar sin féin, aithníonn sé a thábhachtaí atá sé ráta cómhaoinithe níos airde a bheith ann ar leibhéal an Aontais do na réigiúin sin a bhfuil srianta buiséadacha orthu chun cistiú ón Aontas a choinneáil ar ardleibhéal.

10. Cé go dtuigeann CnaR go bhfuil sé inmhianaithe infheistíocht a dhreasú, cuireann sé i bhfios gur mó a chabhróidh an méadú go 100 % ar an gcómhaoiniú leis na réigiúin is mó forbairt agus dhéanfaí na réigiún beagfhorbartha a dhíchistiú dá bharr.

11. Iarrann sé ar na Ballstáit cómhaoiniú náisiúnta leanúnach a áirithiú agus leibhéal na hinfheistíochta iomláine i réigiúin agus i mbardais a choinneáil mar a bhí beartaithe ar dtús. Níor cheart aon athrú a dhéanamh ar na cláir lena ndéanfaí difear dá leithdháiltí ach amháin le cead ó na comhpháirtithe críochacha, i gcomhréir le prionsabail na comhpháirtíochta agus an rialachais il-leibhéil.

12. Tugann CnaR dá aire go dtugtar isteach leis an togra maolú suntasach ar na rialacha do na haiseanna tosaíochta agus do na cláir shonracha sin amháin lena gcomhaontaítear 15 % ar a laghad dá leithdháiltí a aistriú chuig na tosaíochtaí sainaitheanta. D'fhéadfadh castacht mhéadaithe a bheith mar thoradh air sin, agus aiseanna tosaíochta laistigh den chlár céanna á gcur chun feidhme de réir rialacha éagsúla, agus moill á cur ar an gcur chun feidhme. Tugann sé chun suntais freisin go bhféadfadh leasuithe a bheith mar thoradh ar an méid sin, ar leasuithe iad a bheadh spreagtha ní hamháin ag acmhainneacht na n-údarás áitiúil agus réigiúnach rannchuidiú le tosaíochtaí an Aontais ach ag na rialacha níos simplí freisin. Agus an tréimhse clársceidealaithe beagnach i gcrích anois agus gealltanas ardleibhéal ag teastáil maidir le hacmhainní, iarrann CnaR ar an gCoimisiún breithniú ar an 15 % aistriú maidir le leithdháiltí clár a cheadaítear faoi láthair a laghdú. Molann sé na coigeartuithe a moladh sna tuarascálacha meántéarma a cuireadh isteach cheana féin a chur san áireamh in aon teorainn den sórt sin, ar choinníoll go bhfuil siad i gcomhréir le tosaíochtaí nua an Aontais.

13. Dá bhrí sin, iarrann CnaR ar an gComhairle agus ar Pharlaimint na hEorpa gníomhú mar chomhreachtóirí chun coimircí soiléire a thabhairt isteach chun na rioscaí sin a mhaolú, trí dheireadh a chur le dreasachtaí bréagacha agus leas a bhaint as an deis atá sa togra reachtach seo fíorshimpliú agus fíorsholúbthacht a thabhairt isteach do réigiúin uile an Aontais, agus a áirithiú nach spreagfaidh simpliú ar na rialacha atreorú cistí ó spriocanna forbartha inbhuanaithe fadtéarmacha ná nach mbainfidh sé an bonn ó shláine comhshaoil agus shóisialta na dtionscadal.

14. Aontaíonn CnaR go bhfuil infheistíochtaí i bhfiontair mhóra tábhachtach chun iomaíochas, cosaint agus dícharbónú a neartú ós rud é go mbíonn taighde, nuálaíocht, aistriú eolais agus teicneolaíochta á stiúradh acu, ar rudaí iad sin a bhaineann cuideachtaí eile ina slabhra luacha tairbhe astu, lena n-áirítear tionscail dianfhuinnimh a bhfuil dúshláin shuntasacha aistrithe rompu.

15. I gcomhréir leis an rún uaidh *Tosaíochtaí Choiste Eorpach na Réigiún do 2025-2030*, cuireann sé i bhfios go láidir a thábhachtaí atá ról na bhfiontar beag agus meánmhéide, na ngnólachtaí teaghlaigh agus na bhfiontraithe aonair, mar chnámh droma na bpobal áitiúil agus na fostaíochta inbhuanaithe. Leagann sé béim freisin ar an ról atá acu i slabhraí soláthair agus luacha cuideachtaí móra san éiceachóras. Cuireann sé in iúl gur cúis bhuartha dó, ar bhonn na taithí a fuarthas le déanaí i réigiúin agus i gcathracha áirithe, roinnt infheistíochtaí a d'fhéadfaí a dhéanamh i réimsí teicneolaíochta agus i réimsí eile a bhféadfadh impleachtaí diúltacha a bheith acu ar neamhspleáchas straitéiseach an Aontais.

16. Cuireann CnaR in iúl gur oth leis nach ndearnadh aon mheasúnú tionchair, ná aon mheasúnú ar na tionchair chríochacha a d'fhéadfadh a bheith ann.

17. Cuireann CnaR i bhfáth nach mór leanúint den bheartas comhtháthaithe a chur chun feidhme anois agus amach anseo ar bhonn na coimhdeachta gníomhaí, agus prionsabail an díláraithe, an rialachais il-leibhéil agus na comhpháirtíochta á n-urramú san am céanna.

An Bhruiséil, an 15 Bealtaine 2025.

Uachtarán

Choiste Eorpach na Réigiún

Kata TÜTTŐ